# Deontas Leabhar (Daltaí na Sraithe Sinsearaí amháin)

**(Rinneadh an nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo i Lúnasa 2024)**

## 1. Réamhrá

Cuireann an Roinn Oideachais deontas leabhar ar fáil do dhaltaí na sraithe sinsearaí i bPobalscoileanna, Scoileanna Cuimsitheacha agus Meánscoileanna Deonacha. (Táthar tar éis an deontais leabhar in aisce a chur ar fáil do dhaltaí na sraithe sóisearaí anois- féach Cur Chuig Cuntasaíochta 22). Tá an deontas le húsáid chun tacú le "teaghlaigh bhochta" leabhair scoile a cheannach nuair nach bhfuil aon scéim leabhar ar cíos ann nó chun tacú leo i leith an chostais a bhaineann le scéim cíosa a oibriú, más ann di. Tá leithdháileadh na ndeontas bunaithe ar rollú na bliana faoi láthair arna dheimhniú ag an scoil i mí Dheireadh Fómhair.

**Seo a leanas an ráta maoinithe in aghaidh an duine:**

- Leithdháileadh ar Scoileanna DEIS €39
- Leithdháileadh ar Scoileanna neamh-DEIS €24

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Íoctar an deontas i mí an Mheithimh gach bliain, agus íoctar é roimh an gcéad bhliain acadúil eile.
Ba cheart an t-ioncam agus aon chaiteachas gaolmhar a thabhaítear suas go dtí an 31/08/XX a chur siar go dtí an chéad bhliain acadúil eile mar a thaispeántar sna samplaí thíos.

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, ar chaiteachas an deontais agus ar aon iarmhéid nár caitheadh.

**Bliain 1: Deontas faighte roimh an gcéad bhliain acadúil eile**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Leabhar Faighte | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2151 | Deontas Leabhar faighte roimh ré<br>Dliteanas Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas le haghaidh Leabhar nach n-úsáidfear go dtí an scoilbhliain seo chugainn | DR | 1720 | Réamhíocaíochtaí<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

**Bliain 2: An Chéad Scoilbhliain Eile**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Aistriú ón Deontas Leabhar a Fuarthas roimh ré chuig Deontas Leabhar gan Chaitheamh | DR | 2151 | Deontas Leabhar faighte roimh ré<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 2160 | Deontas Leabhar gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Aisiompú Réamhíocaíochta | DR | 4730 | Costas Deontas Leabhar<br>Costas |
| | CR | 1720 | Réamhíocaíochtaí<br>Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Iris chun ioncam deontais na scéime leabhar in aisce a aithint ar aon dul le caiteachas taifeadta | DR | 2160 | Deontas Leabhar gan Chaitheamh<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3150 | Ioncam Deontais Leabhar<br>Ioncam |

**I rith na scoilbhliana, caithfear le haon chostas breise Deontais na Scéime Leabhar in Aisce a thabhaítear maidir leis an mbliain sin ar an mbealach seo a leanas:**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ceannach leabhar scoile le linn na scoilbhliana | DR | 4730 | Costas Deontas Leabhar Costas |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ceannach leabhar scoile le linn na scoilbhliana a mheaitseáil le hioncam | DR | 2160 | Deontas Leabhar gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |